# Polasaí CCTV
# CCTV POlicy

# Scoil na bhForbacha
# 17668G

# Scoil na bhFobacha

**RÉAMHRÁ**

Tá Córais Teilifís Chiorcaid Iata (Córais CCTV) i bhfeidhm i Scoil na bhForbacha, Co. Na Gaillimhe.

## 1. CUSPÓIR AN BHEARTAIS

**"Is é cuspóir an bheartais seo ná chun úsáid Teilifís Chiorcaid Iata agus a teicneolaíocht ghaolmhar a rialáil chun monatóireacht a dhéanamh ar phurláin inmheánacha agus sheachtracha an áitribh faoi shainchúram Scoil na bhForbacha.**

Suiteáiltear córais CCTV (go hinmheánach agus go seachtrach araon) in áitreabh ar mhaithe le feabhas a chur ar shlándáil an fhoirgnimh agus a threalaimh ghaolmhair mar aon le haireachas a chruthú i measc na n-áititheoirí, ag aon tráth amháin, go bhfuil córas slándála faireachais i bhfeidhm laistigh de agus/nó i bpurláin sheachtracha an áitribh i rith uaireanta sholas an lae agus na hoíche gach lá. Tá faireachas CCTV ag Scoil na bhFobacha beartaithe do na cuspóirí a leanas:

- foirgnimh na scoile agus sócmhainní na scoile a chosaint, i rith agus i ndiaidh uaireanta na scoile;
- sláinte agus sábháilteacht na foirne, na ndaltaí agus na gcuairteoirí a chur chun cinn;
- cosc a chur ar bhulaíocht;
- tarlú coireachta agus iompair fhrithshóisialta a laghdú (goid agus loitiméireacht san áireamh);
- tacú leis na Gardaí in iarrachtaí chun coireacht a dhíspreagadh agus a bhrath;
- cabhrú le ciontóirí a shainaithint, a ghabháil agus a ionchúiseamh; agus
- a chinntiú go léirítear meas ar rialacha na scoile ionas gur féidir bainistiú ceart a dhéanamh ar an scoil.

## 2. SCÓIP

Baineann an beartas seo go díreach le láthair agus úsáid CCTV agus monatóireacht agus taifeadadh a dhéanamh agus úsáid ina dhiaidh sin a bhaint as an ábhar taifeadta sin. Sa chás go dtugtar faoi ranganna agus gníomhaíochtaí in áitreabh ar cíos, cinnteoidh Scoil na bhForbacha nach n-oibrítear córais CCTV, nuair a bhíonn siad suiteáilte, ach ar bhealach atá comhoiriúnach d'fhorálacha an bheartais seo.

## 3. PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

Tá Scoil na bhForbacha mar an gcomhlacht corparáideach, freagrach go reachtúil as a réadmhaoin, trealamh agus gléasra eile a chosaint mar aon le braistint slándála a sholáthar dá fhostaithe, dhaltaí agus do na daoine a dtugtar cuireadh dóibh cuairt a thabhairt ar a áitreabh. Tá dualgas cúraim ar faoi fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus faoin reachtaíocht ghaolmhar agus úsáideann siad córais CCTV agus a dtrealamh gaolmhar monatóireachta agus taifeadta mar mhodh breise slándála agus faireachais ar mhaithe le feabhas a chur ar cháilíocht beatha phobal na scoile trí na dea-chleachtais a chomhtháthú a dhéanann rialáil ar fhaireachas poiblí agus príobháideach a n-áitribh.

Tabharfar faoi úsáid a bhaint as an gcóras CCTV ar bhealach gairmiúil, eiticiúil agus dlíthiúil agus cuirtear cosc sa bheartas seo ar aon athrú ar úsáid na dteicneolaíochtaí slándála CCTV do chuspóirí eile, e.g. ní úsáidfear CCTV chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht fostaithe.

Ní féidir scaoileadh le faisnéis a fhaightear tríd an gcóras CCTV ach nuair a údaraíonn an Príomhoide amhlaidh, i ndiaidh dul i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta. Déanfar aon iarratais ar thaifeadtaí/íomhánna CCTV ón nGarda Síochána a chur i dtaifead go hiomlán agus lorgófar comhairle dlí má dhéantar a leithéid d'iarratas. (Féach "Rochtain" thíos). Má tá taifeadadh á lorg ag údarás forfhorfheidhmithe dlí, ar nós an Gharda Síochána, d'imscrúdú ar leith, b'fhéidir go dteastóidh barántas ón nGarda Síochána agus ba cheart aon iarratas a dhéanann an Garda Síochána a iarraidh i scríbhinn dá réir sin, agus lorgóidh an scoil comhairle dlí láithreach bonn.

Tabharfar faoi mhonatóireacht CCTV ar áiteanna poiblí ar mhaithe le cuspóirí slándála ar bhealach atá comhsheasmhach le gach beartas reatha lena nglacann an scoil, lena n-áirítear Beartas Comhionannais agus Éagsúlachta, Beartas um Dhínit ag an Obair, Cóid Chleachtais chun déileáil le gearáin i leith Bulaíochta agus Ciapadh Gnéasach agus beartais eile ábhartha, lena n-áirítear na forálacha a leagtar síos i reachtaíocht chomhionannais agus i reachtaíocht oideachais agus i reachtaíocht ghaolmhar eile.

Cuirtear toirmeasc sa bheartas seo ar mhonatóireacht bunaithe ar shaintréithe agus aicmiú a chuimsítear i reachtaíocht chomhionannais agus i reachtaíocht ghaolmhar eile, e.g. cineál, inscne, gnéaschlaonadh, bunadh náisiúnta, míchumas etc.

Tá físmhonatóireacht ar áiteanna poiblí ar mhaithe le cuspóirí slándála laistigh d'áitreabh scoile teoranta d'úsáidí nach sáraíonn ionchas réasúnta an duine aonair i leith príobháideachta.

Ní féidir faisnéis a fhaightear a sháraíonn an beartas seo a úsáid in imeacht disciplíneach i leith fhostaí na scoile nó i leith dalta a fhreastalaíonn ar cheann dá scoileanna/n-ionaid.

Beidh ar gach córas CCTV agus trealamh gaolmhar an beartas seo a chomhlíonadh tar éis go nglacann Scoil na bhForbacha leis. "Sonraí pearsanta" iad íomhánna inaitheanta a ghlacann córais CCTV. Tá siad faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, ar an ábhar sin.

**4. ÚDAR A THABHAIRT LE CCTV A ÚSÁID**

Ceanglaíonn Alt 2(1)(c)(iii) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí go mbíonn sonraí "leordhóthanach, ábhartha agus nach mbíonn siad iomarcach" maidir leis an gcuspóir dá mbailíodh iad. Ciallaíonn seo gur gá go mbeadh Scoil na bhForbacha in ann údar a thabhairt le sonraí pearsanta a fháil agus a úsáid trí chóras CCTV Measann an bord bainistíochta go bhfuil údar le CCTV a úsáid chun imlíne fhoirgnimh na scoile a rialáil ar mhaithe le cuspóirí slándála. Tá an córas in ainm is íomhánna d'ionróirí nó de dhaoine aonair a dhéanann díobháil do réadmhaoin nó a bhaineann earraí gan údarú a ghabháil.

**Ní úsáidfear córais CCTV chun monatóireacht a dhéanamh ar ghnáthghníomhaíocht mhúinteora/daltaí sa seomra ranga sa scoil.**

In áiteanna eile sa scoil inar suiteáladh CCTV, e.g. hallaí, staighrí, limistéir thaisceadán, thaispeáin an Príomhoide gur cruthaíodh gur baol do shlándáil agus/nó do shláinte agus sábháilteacht agus go bhfuil an CCTV comhréireach agus é ag dul i ngleic leis na saincheisteanna siúd a tháinig chun solais sular cuireadh an córas i bhfeidhm.

**5. LÁTHAIR NA GCEAMARAÍ**

Ceann de na rudaí is mó ar cheart machnamh a dhéanamh air ná láthair na gceamaraí. Bheadh sé deacair údar a thabhairt le CCTV a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar na háiteanna a mbeadh súil réasúnta ag daoine aonair le príobháideacht. Thug Scoil na bhForbacha faoi láithreacha a roghnú chun na ceamaraí CCTV is lú is ionsáite a shuiteáil chun príobháideacht daoine aonair a chosaint. Bíonn ceamaraí atá in ainm is áiteanna seachtracha a thaifeadadh suite ar an mbealach sin a chuireann cosc ar nó a íoslaghdaíonn an taifeadadh a dhéantar ar dhaoine atá ag siúl faoi bhráid nó ar réadmhaoin phríobháideach duine eile.

**D'fhéadfaí an méid a leanas a áireamh le Físmhonatóireacht agus Fístaifeadadh CCTV ar Áiteanna Poiblí i Scoil na bhForbacha:**

- ***Foirgnimh agus réadmhaoin na scoile a chosaint:*** Imlíne, bealaí isteach agus amach, pasáistí agus conairí, limistéir speisialta stórála, láithreacha airgeadóra, limistéir ghlactha le haghaidh earraí/sheirbhísí an fhoirgnimh
- ***Monatóireacht a dhéanamh ar Chórais Rialaithe Rochtana:*** Monatóireacht agus taifeadadh a dhéanamh ar limistéir ar a bhfuil rochtain shrianta ag bealaí isteach chuig foirgnimh agus limistéir eile
- ***Aláraim Shlándála a Fhíorú:*** Aláraim ionraidh, rialúcháin dorais amach, aláraim sheachtracha
- ***Físphatról ar Áiteanna Poiblí:*** Limistéir pháirceála, na Príomhgheataí isteach/amach, Rialú Tráchta
- ***Imscrúduithe Coiriúla (faoina dtugann an Garda Síochána):*** Faireachas robála, buirgléireachta agus gada

**6. FAIREACHAS CEILTE**

Ní thabharfaidh Scoil na bhForbacha faoi fhaireachas ceilte.

Sa chás go n-iarrann an Garda Síochána chun tabhairt faoi fhaireachas ceilte ar áitreabh na scoile, b'fhéidir go dteastóidh toiliú breithimh ón bhfaireachas ceilte sin. Dá réir, déanfaidh an Garda Síochána aon iarratas den sórt sin i scríbhinn agus lorgóidh an scoil comhairle dlí.

**7. FÓGRAÍOCHT – COMHARTHAÍOCHT**

Soláthróidh an Príomhoide cóip den Bheartas CCTV seo ar iarraidh sin don fhoireann, daltaí, tuismitheoirí agus cuairteoirí chuig an scoil. Déantar cur síos sa bheartas seo ar chuspóir agus láthair na monatóireachta CCTV, uimhir theagmhála dóibh siúd ar mian leo plé a dhéanamh ar mhonatóireacht CCTV agus ar threoirlínte lena úsáid. Anuas air sin, tabharfar le fios láthair cheamaraí CCTV don Bhord Bainistíochta, agus, i gcás scoileanna BOO, don POF chomh maith. Cuirfear an chomharthaíocht leordhóthanach in airde ag gach láthair ina bhfuil ceamara(í) suite lena thabhairt le fios go bhfuil CCTV i bhfeidhm. Taispeánfar an chomharthaíocht leordhóthanach, chomh maith, go feiceálach ag an mbealach isteach chuig réadmhaoin Scoil na bhForbacha.



Áireofar leis na láithreacha oiriúnacha do chomharthaíocht an méid a leanas:

- ag bealaí isteach chuig áitreabh, i.e. doirse seachtracha, geataí scoile
- an limistéar fáiltithe
- ag gach ceamara inmheánach nó i ngar dóibh

## 8. STÓRÁIL AGUS COINNEÁIL

Forálann Alt 2(1)(c)(iv) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí nach ndéanfar sonraí "a choimeád do thráth níos faide ná mar a theastaíonn" ar mhaithe leis na cuspóirí lena bhfuarthas iad. Is gá go mbeidh rialaitheoir sonraí in ann údar a thabhairt leis an tréimhse choinneála seo. I gcás gnáthchóras slándála CCTV, ba dheacair údar a thabhairt le sonraí a choinneáil níos faide ná mí (28 lá), seachas sa chás go sainaithníonn na híomhánna saincheist – ar nós briseadh isteach nó gada agus go gcoinnítear na híomhánna/taifeadtaí ar leith go sonrach i gcomhthéacs imscrúdaithe/ionchúisimh a dhéanamh ar an tsaincheist sin. **Dá réir sin, coinneofar na híomhánna a ghabhann an córas CCTV ar feadh tréimhse uasta 28 lá, seachas sa chás go sainaithníonn na híomhánna saincheist agus go gcoinnítear iad go sonrach i gcomhthéacs imscrúdaithe/ionchúisimh a dhéanamh ar an tsaincheist sin.** Stórálfar na híomhánna/taifeadtaí i dtimpeallacht shlán agus coimeádfar taifead rochtana. Ní bheidh rochtain ach ag an bpearsanra údaraithe orthu. Beidh an Príomhoide freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar rochtain agus ar chothabháil an Chórais CCTV. Féadfaidh an Príomhoide riaradh an Chórais CCTV a tharmligean do chomhalta eile foirne. Faoi chúinsí áirithe, féadfaidh daoine eile amharc ar na taifeadtaí d'fhonn na cuspóirí a leagtar amach thuas a bhaint amach (i measc na ndaoine siúd, d'fhéadfaí na Gardaí, an Leas-Phríomhoide, an Ceann Bliana ábhartha, comhaltaí eile den fhoireann mhúinteoireachta, ionadaithe na Roinne Oideachais agus Scileanna, ionadaithe FSS agus/nó tuismitheoir dalta thaifeadta a áireamh). Nuair a bhítear ag amharc ar thaifeadtaí CCTV, ní bheidh rochtain ach ag daoine údaraithe ar bhonn riachtanais.

Stórálfar téipeanna/DVDanna i dtimpeallacht shlán agus coimeádfar taifead rochtana ar théipeanna. Ní bheidh rochtain ach ag an bpearsanra údaraithe orthu. Cuirfear a mhacasamhail de bhearta i bhfeidhm nuair a bhíonn stóráil diosca á húsáid, agus cruthófar taifid uathoibríocha rochtana ar na híomhánna.

## 9. ROCHTAIN

Stórálfar téipeanna/DVDanna ar a stóráiltear an píosa scannáin taifeadta agus an trealamh monatóireachta go slán i limistéar faoi chosc. Ní bheidh rochtain neamhúdaraithe ar an limistéar sin ag aon tráth. Cuirfear an limistéar faoi ghlas nuair nach mbíonn pearsanra údaraithe ann. Coimeádfar taifead rochtana ar théipeanna/íomhánna.

Ní bheidh rochtain ach ag an bpearsanra údaraithe ar an gcóras CCTV agus ar íomhánna stóráilte, i.e. Príomhoide na scoile.
Faoi chúinsí ábhartha, féadtar rochtain a fháil ar phíosa scannáin CCTV:

- Ag an nGarda Síochána, sa chás go gceanglaítear ar Scoil na bhForbacha (nó a ngníomhairí) le dlí chun tuairisc a dhéanamh maidir le coir amhrasta a dhéanamh; nó

- I ndiaidh go ndéanann an Garda Síochána iarratas nuair a tharla coir nó coir amhrasta agus/nó nuair a bhítear in amhras go bhfuil iompar neamhdhleathach/frithshóisialta ar bun ar réadmhaoin Scoil na bhForbacha, nó

- Ag FSS agus/nó aon chomhlacht reachtúil eile atá freagrach as cosaint leanaí; nó

- Chun cabhrú leis an bPríomhoide chun fíricí a dheimhniú i leith iompar neamh-inghlactha daltaí, agus cuirfear na tuismitheoirí/na caomhnóirí ar an eolas, sa chás sin; nó

- Ag ábhair shonraí (nó a n-ionadaithe dlí), tar éis go ndéantar iarratas ar rochtain ina soláthraítear am, dáta agus láthair na dtaifeadtaí do Scoil na bhForbacha, nó

- Ag daoine aonair (nó a n-ionadaithe dlí) faoi réir ordú cúirte.

- Comhlacht árachais na scoile sa chás go dteastaíonn an céanna ón gcomhlacht árachais chun tabhairt faoi éileamh ar dhíobháil a rinneadh don réadmhaoin faoi árachas.

***Iarratais ón nGarda Síochána:*** Ní scaoilfear le faisnéis a fhaightear trí fhísmhonatóireacht ach nuair a údaraíonn an Príomhoide amhlaidh, i ndiaidh dul i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta. Má tá íomhánna CCTV á lorg ag an nGarda Síochána d'imscrúdú ar leith, b'fhéidir go dteastóidh barántas ón nGarda Síochána agus ba cheart don Gharda Síochána aon iarratas den sórt sin a dhéanamh i scríbhinn agus ba cheart don scoil comhairle dlí a lorg láithreach bonn.

***Iarratais ar rochtain:*** Ar iarratas scríofa a dhéanamh, tá an ceart ag aon duine a ndearnadh a (h)íomhá a thaifeadadh go soláthrófar dó/di cóip den fhaisnéis a taifeadadh a bhaineann leo, a fhad agus gurb ann don íomhá/taifeadadh sin, i.e. nár scriosadh é agus a fhad agus nach mbaineann díolúine/toirmeasc leis an scaoileadh chomh maith. Sa chás go sainaithnítear duine eile san íomhá/taifeadadh, ní fhéadtar scaoileadh leis na híomhánna siúd ach sa chás gur féidir iad a chur in eagar/gan tréithe pearsanta ar bith de chuid duine a léiriú ionas nach sainaithnítear an duine eile nó nach mbíonn sé/sí inaitheanta. Chun a gceart rochtana a fheidhmiú, ní mór d'ábhar sonraí iarratas a dhéanamh i scríbhinn le Príomhoide na scoile. Féadfaidh an scoil a mhéid le €6.35 a ghearradh ar fhreagairt don iarratas sin agus ní mór dóibh freagairt a thabhairt **laistigh de mhí.**

Is féidir iarratais ar rochtain a dhéanamh chuig An Príomhoide, Scoil na bhForbacha, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Ba cheart do dhuine an fhaisnéis riachtanach go léir a sholáthar chun cabhrú le Scoil na bhForbacha chun na sonraí taifeadta CCTV a aimsiú, ar nós dháta, am agus láthair an taifeadta. Má tá an íomhá ar chaighdeán chomh híseal sin nach sainaithnítear duine go

soiléir, ní féidir a mheas gurb ionann an íomhá sin agus sonraí pearsanta agus ní féidir leis an scoil an íomhá sin a sholáthar dóibh.

Nuair a thugtar cóip dá sonraí do dhuine, féadfaidh an scoil grianghraf/sraith pictiúir ghrianghraif, téip nó diosca ar a bhfuil na híomhánna ábhartha a sholáthar. Déanfar íomhánna eile de dhaoine eile a dhoiléiriú sula scaoilfear leis na sonraí, áfach.

## 10. FREAGRACHTAÍ

Déanfaidh an Príomhoide an méid a leanas:

- A chinntiú go gcuirtear úsáid córais CCTV i bhfeidhm i gcomhréir leis an mbeartas a leagann Scoil na bhForbacha síos
- Maoirsiú agus comhordú a dhéanamh ar úsáid monatóireacht CCTV ar mhaithe le cuspóirí sábháilteachta agus slándála laistigh de Scoil na bhForbacha
- A chinntiú go ndéanfar measúnú ar gach córas reatha monatóireachta CCTV i dtaobh chomhlíonadh an bheartais seo
- A chinntiú go bhfuil an mhonatóireacht CCTV ag Scoil na bhForbacha ar aon dul leis na caighdeáin agus na cosaintí is airde
- Athbhreithniú a dhéanamh ar láithreacha na gceamaraí agus bheith freagrach as aon fhaisnéis nó ábhair thaifeadta CCTV a stóráiltear a scaoileadh i gcomhlíonadh an bheartais seo
- Taifead rochtana a choimeád (e.g. taifead ar rochtain) chun scaoileadh téipeanna nó aon ábhair a thaifeadtar nó a stóráiltear sa chóras a thaifeadadh
- A chinntiú nach ndéantar dúbláil ar théipeanna monatóireachta taifeadta lena scaoileadh
- A chinntiú go gcomhlíonann an imlíne amhairc ó cheamaraí láithreach seasta an beartas seo go hinmheánach agus go seachtrach araon
- Láthair cheamaraí sealadacha a fhaomhadh a úsáidfear i rith imeachtaí speisialta a bhfuil riachtanais slándála ar leith acu agus a chinntiú go n-aistarraingítear iad i ndiaidh na n-imeachtaí siúd *NÓTA: [Ní áirítear le ceamaraí sealadacha trealamh físe soghluaiste nó ceamaraí faireachais cheilte a úsáidtear d'imscrúduithe údaraithe coiriúla ag an nGarda Síochána].*
- Breithniú a dhéanamh ar aiseolas/ghearáin ó dhaltaí agus ón bhfoireann araon maidir le sárú féideartha príobháideachta nó rúndachta mar gheall ar láthair cheamara ar leith CCTV nó trealamh gaolmhar
- A chinntiú nach sáraíonn gach limistéar ar a bhfuil monatóireacht á déanamh ionchas breisithe daoine i leith príobháideachta laistigh den scoil agus bheith aireach nach dócha go dtarlóidh aon sárú den sórt sin
- Comhoibriú le hOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta Scoil na bhForbacha maidir le tuairisciú a dhéanamh ar an gcóras CCTV atá i bhfeidhm sa scoil
- A chinntiú go mbíonn ceamaraí seachtracha neamh-ionsáiteach i dtaobh a suíomhanna agus a n-amharc ar thithíocht chónaithe ina n-aice agus prionsabal "Ionchas Réasúnta Príobháideachta" a chomhlíonadh

- A chinntiú go stóráiltear téipeanna monatóireachta in áit shlán agus nach mbíonn rochtain orthu ach ag an bpearsanra údaraithe
- A chinntiú go stóráiltear íomhánna a thaifeadtar ar théipeanna/DVDanna/taifeadtaí digiteacha ar feadh tréimhse nach faide ná 28 lá agus go nglantar iad ina dhiaidh sin mura dteastaíonn siad mar chuid d'imscrúdú coiriúil nó imeachtaí cúirte (coiriúil nó sibhialta) nó úsáid bona fide eile faoi mar a fhaomhann Cathaoirleach an Bhoird.
- A chinntiú, nuair a bhíonn an áis zúmála á húsáid ar cheamara, go bhfuil an dara duine i láthair le hoibreoir an cheamara lena chinntiú nach ndéantar aon sárú ar phríobháideacht gan iarraidh
- A chinntiú nach ndéantar rialú ceamara ach amháin chun monatóireacht a dhéanamh ar iompar amhrasta, díobháil choiriúil etc. agus gan monatóireacht a dhéanamh ar shaintréithe aonair
- A chinntiú nach bhfuil rialú ceamara ag sárú an ionchais réasúnta atá ag duine i leith príobháideachta in áiteanna poiblí
- A chinntiú sa chás go n-iarrann an Garda Síochána chun trealamh físe soghluaiste a shocrú le haghaidh imscrúduithe coiriúla, go bhfuarthas comhairle dlí agus gur thug Cathaoirleach an Bhoird faomhadh.

## 11. CUR I BHFEIDHM AGUS ATHBHREITHNIÚ

Déanfar athbhreithniú agus measúnú ar an mbeartas ó thráth go tráth. Tabharfaidh athbhreithniú agus measúnú leanúnach aird ar fhaisnéis nó treoirlínte athraitheacha (e.g. ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí, an Garda Síochána, an Roinn Oideachais agus Scileanna, aonaid Iniúchta (inmheánach agus seachtrach sa scoil), comhlachtaí náisiúnta bainistíochta, reachtaíocht agus aiseolas ó thuismitheoirí/chaomhnóirí, daltaí, an fhoireann agus daoine eile.

Is ionann an dáta óna mbeidh an beartas i bhfeidhm agus an dáta a nglacfaidh an Bord Bainistíochta leis. Déanfaidh Príomhoide na scoile monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bheartais.

## AGUISÍN 1 – SAINMHÍNITHE

**Sainmhínithe ar fhocail/nathanna a úsáidtear maidir le sonraí pearsanta a chosaint agus dá dtagraítear i dtéacs an bheartais;**

**CCTV –** Is ionann teilifís chiorcaid iata agus físcheamaraí a úsáid chun comhartha a tharchur chuig áit ar leith ar shraith theoranta monatóirí. Féadtar na híomhánna a thaifeadadh, ina dhiaidh sin, ar fhístéip nó ar DVD nó ar mheicníocht eile taifeadta dhigití.

**Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988** – Bronnann na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 cearta ar dhaoine, mar aon le freagrachtaí ar na daoine siúd a láimhseálann, a phróiseálann, a bhainistíonn agus a rialaíonn sonraí pearsanta. Ní mór d'fhoireann uile na scoile forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh nuair a dhéanann siad faisnéis phearsanta a bhailiú agus a stóráil. Baineann seo le faisnéis phearsanta a bhaineann le fostaithe na heagraíochta agus le daoine a idirghníomhaíonn leis an eagraíocht.

**Sonraí** – Faisnéis i bhfoirm ar féidir í a phróiseáil. Áirítear leis sonraí uathoibrithe nó leictreonacha (aon fhaisnéis ar ríomhaire nó aon fhaisnéis a thaifeadtar agus é ina chuspóir í a chur ar ríomhaire) agus sonraí de láimh (faisnéis a thaifeadtar mar chuid de chóras ábhartha comhdaithe nó nuair is é an cuspóir gur cheart di bheith mar chuid den chóras ábhartha comhdaithe).

**Sonraí Pearsanta** – Sonraí a bhaineann le duine beo atá sainaitheanta nó ar féidir é/í a shainaithint cibé acu ó na sonraí nó ó na sonraí i gcomhar le faisnéis eile atá faoi sheilbh, nó ar dócha go mbeidh sí faoi sheilbh an rialaitheora sonraí.

**Iarratas ar Rochtain** – Is ionann seo agus nuair a dhéanann duine iarratas leis an eagraíocht chun a sonraí pearsanta a nochtadh faoi Alt 3 agus/nó 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

**Próiseáil Sonraí** – tabhairt faoi aon oibriúchán nó sraith oibriúchán ar shonraí, lena n-áirítear an méid a leanas:

- Na sonraí a fháil, a thaifeadadh nó a choimeád,
- Na sonraí a bhailiú, a eagrú, a stóráil, a athrú nó a oiriúnú,
- Na sonraí a aisghabháil nó a úsáid nó dul i gcomhairle na sonraí,
- Na sonraí a nochtadh trí iad a tharchur, a scaipeadh nó iad a chur ar fáil ar bhealach eile,
- Na sonraí a ailíniú, a chomhcheangal, a scriosadh nó a mhilleadh.

**Ábhar Sonraí** – duine atá mar ábhar sonraí pearsanta.

**Rialaitheoir Sonraí** – duine a dhéanann rialú (cibé acu leis/léi féin nó le daoine eile) ar ábhair agus ar úsáid sonraí pearsanta.

**Próiseálaí Sonraí** – duine a phróiseálann faisnéis phearsanta thar ceann rialaitheoir sonraí, ach nach n-áirítear fostaí rialaitheoir sonraí leo a phróiseálann na sonraí siúd i gcaitheamh a bhfostaíochta, mar shampla, d'fhéadfadh fostaí eagraíochta a bheith i gceist lena seachfhoinsíonn an rialaitheoir sonraí obair. Leagann na hAchtanna um Chosaint Sonraí freagrachtaí ar na haonáin siúd maidir leis an bpróiseáil a dhéanann siad ar na sonraí.

**AGUISÍN 2 – MEASÚNÚ TIONCHAIR PRÍOBHÁIDEACHTA**

Sula ndéanann scoil córas nua CCTV a shuiteáil, moltar go dtugtar faoi mheasúnú doiciméadaithe tionchair príobháideachta. Ní dóchúil céanna go ndéanfaidh scoil a thugann faoi mheasúnú ar an mbealach ceart córas a thabhairt isteach a sháraíonn forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Nós imeachta tábhachtach é seo lena ghlacadh mar gheall go bhféadfadh Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí tús a chur le caingean i gcoinne scoile, nó go bhféadfaí scoil a nochtadh d'éileamh ar dhamáistí ó dhalta mar thoradh ar shárú.

I measc cuid de na pointí a d'fhéadfaí a chur san áireamh i Measúnú Tionchair Príobháideachta, tá:

- Cad é cuspóir na scoile chun íomhánna CCTV a úsáid? Cad iad na saincheisteanna/na fadhbanna a bhfuiltear ag iarraidh dul i ngleic leo?
- An dteastaíonn an córas chun dul i ngleic le géarghá, ar nós sábháilteacht foirne agus daltaí nó cosc a chur ar choireacht?
- An bhfuil na ceamaraí CCTV in ainm is oibriú taobh amuigh den áitreabh amháin?
- An bhfuil údar leis faoi na cúinsí?
- An bhfuil sé comhréireach don fhadhb a bhfuil sé ceaptha dul i ngleic léi?
- An mbeartaítear go n-oibreofar ceamaraí CCTV taobh istigh den fhoirgneamh?
- An bhfuil údar le ceamaraí inmheánacha CCTV faoi na cúinsí?
- An bhfuil na ceamaraí inmheánacha CCTV comhréireach leis an bhfadhb a bhfuil siad in ainm is dul i ngleic léi?
- Cad iad na tairbhí a bhainfear óna úsáid?
- An féidir le córais CCTV na tairbhí seo a bhaint amach, i bhfírinne? An féidir le réitigh nach ndéanann an oiread céanna de shárú ar phríobháideacht, ar nós soilsiú feabhsaithe, na cuspóirí céanna a bhaint amach?
- An dteastaíonn íomhánna de dhaoine inaitheanta ón scoil, nó an bhféadfadh an córas íomhánna eile a úsáid nach bhfuil in ann an duine a shainaithint?
- An mbainfidh an córas a bhfuil breithniú á dhéanamh air na tairbhí inmhianaithe amach anois agus an mbeidh sé oiriúnach i gcónaí amach anseo?
- Cén éilimh amach anseo a d'fhéadfadh bheith ar úsáid níos fairsinge a bhaint d'íomhánna agus conas a rachfar i ngleic leo?
- An í/é an scoil an rialaitheoir sonraí don chóras iomlán CCTV (cuir san áireamh go mbainistítear roinnt scoileanna faoin CPP do chuspóirí oibríochtúla ag cuideachtaí bainistíochta, agus b'fhéidir go dteastódh comhairle shonrach dlí sa chás sin)?
- Sa chás go bhfuil cuideachta bhainistíochta i bhfeidhm, an bhfuil an scoil sásta go gcomhlíonann sí na hAchtanna um Chosaint Sonraí maidir le próiseáil íomhánna den fhoireann, na daltaí agus de chuairteoirí chuig do scoil a gabhadh ar aon chórais CCTV atá faoina mbainistiú?
- Cad iad tuairimí na ndaoine a bheidh faoi fhaireachas CCTV?
- Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh chun ionsá a íoslaghdú dóibh siúd a bhféadfaí a n-íomhánna a ghabháil, go háirithe má cuireadh buarthaí sonracha in iúl?
- Conas a rinne an Scoil dearbhú a thabhairt don fhoireann, na daltaí agus na cuairteoirí nach ndéanfar monatóireacht orthu agus nach n-úsáidfear an córas CCTV ach do na cuspóirí a luaitear?

- An bhfuil sé soiléir i mbeartas um úsáid CCTV na scoile nach ndéanfar monatóireacht ar an bhfoireann (an fhoireann mhúinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta araon) i dtaobh cuspóirí feidhmíochta nó iompair?
- Ar cuireadh tuairimí na foirne agus na ndaltaí san áireamh maidir le láthair na gceamaraí?
- An féidir údar a thabhairt le láthair gach ceamara inmheánaigh i gcomhréir leis an gcuspóir foriomlán chun an córas CCTV a úsáid?
- Ar cuireadh an chomharthaíocht oiriúnach in airde ag láthair gach ceamara inmheánaigh, a thugann le fios go bhfuil taifeadadh á dhéanamh agus ina dtugtar cuntas ar an gcuspóir atá leis an taifeadadh sin?
- Cé aige a mbeidh rochtain ar an gcóras agus ar thaifeadtaí/íomhánna?
- Cén bearta slándála atá i bhfeidhm chun an córas CCTV agus na taifeadtaí/íomhánna a chosaint?
- An dtuigeann iad siúd a mbeidh rochtain údaraithe acu ar an gcóras agus na taifeadtaí/íomhánna go soiléir a gcuid freagrachtaí?
- An bhfuil monatóirí na gceamaraí le coimeád in áit nach bhfeiceann an fhoireann, na daltaí agus na cuairteoirí agus an gcuirtear cosc ar rochtain ar mhonatóirí na gceamaraí i leith líon teoranta foirne ar bhonn riachtanais?
- An gcuirtear an seomra/na seomraí ina gcoimeádtar monatóirí na gceamaraí agus an córas CCTV faoi ghlas daingean nuair nach bhfuil aon duine ann?
- An bhfuil nós imeachta i bhfeidhm ag an scoil lena chinntiú go scriostar nó go nglantar taifeadtaí/íomhánna a luaithe a éagann an tréimhse choinneála (28 lá)?
- An bhfuil nós imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun iarratais ar rochtain ar thaifeadtaí/íomhánna a láimhseáil a fhaightear ón nGarda Síochána?
- An mbeidh na fógraí cuí i bhfeidhm lena chinntiú gurb eol do dhaoine go bhfuil monatóireacht á déanamh orthu?
- An bhfuil beartas um chosaint sonraí ag an scoil? An ndearnadh é a nuashonrú chun tabhairt isteach córas CCTV a chur san áireamh?
- An bhfuil nós imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun iarratais ar rochtain a láimhseáil a lorgaíonn cóip de na híomhánna a rinne an córas CCTV a thaifeadadh (laistigh den amfhráma reachtúil)?
- Ar cuireadh an ceart rochtana in iúl don fhoireann, na daltaí agus na cuairteoirí?
- Ar chuir an scoil a mbeartas ar CCTV a úsáid in iúl don fhoireann, na daltaí agus na cuairteoirí agus conas a rinneadh seo?
- Conas a chuirtear daltaí nua agus foireann nua ar an eolas ar bheartas na scoile ar úsáid CCTV?

# CCTV POLICY Scoil na bhForbacha

## INTRODUCTION
Closed Circuit Television Systems (CCTVS) are installed in *Scoil na bhForbacha.*

## PURPOSE OF POLICY

The purpose of this policy is to regulate the use of Closed Circuit Television and its associated technology in the monitoring of both the internal and external environs of the premises under the remit of the *BOM of Scoil na bhForbacha.*

CCTV systems are installed (both internally and externally) in the premises for the purpose of enhancing security of the building and its associated equipment as well as creating a mindfulness among the occupants, at any one time, that a surveillance security system is in operation within and/or in the external environs of the premises during both the daylight and night hours each day. CCTV surveillance at the School/ETB is intended for the purposes of:

1. protecting the school buildings and school assets, both during and after school hours;
2. promoting the health and safety of staff, pupils and visitors;
3. preventing bullying;
4. reducing the incidence of crime and anti-social behaviour (including theft and vandalism);
5. supporting the Gardaí in a bid to deter and detect crime;
6. assisting in identifying, apprehending and prosecuting offenders; and
7. ensuring that the school rules are respected so that the school can be properly managed

## SCOPE
This policy relates directly to the location and use of CCTV and the monitoring, recording and subsequent use of such recorded material. Where classes and activities are carried out in rented premises, *Scoil na bhForbacha* will ensure that CCTV systems, where installed, are operated only in a way that is compatible with the provisions of this policy.

## GENERAL PRINCIPLES
The *BOM of Scoil na bhForbacha* as the corporate body has a statutory responsibility for the protection of its property, equipment and other plant as well providing a sense of security to its employees, students and invitees to its premises. The *BOM of Scoil na bhForbacha* owes a duty of care under the provisions of Safety, Health and Welfare at Work Act 2005 and associated legislation and utilises CCTV systems and their associated monitoring and recording equipment as an added mode of security and surveillance for the purpose of enhancing the quality of life of the school community by integrating the best practices governing the public and private surveillance of its premises

The use of the CCTV system will be conducted in a professional, ethical and legal manner and any diversion of the use of CCTV security technologies for other purposes is prohibited by this policy e.g. CCTV will not be used for monitoring employee performance

Information obtained through the CCTV system may only be released when authorised by the Principal, following consultation with the Chairperson of the BoM. Any requests for CCTV recordings/images from An Garda Síochána will be fully recorded and legal advice from the data protection commissioner/legal advice will be sought if any such request is made. (See "Access" below)

CCTV monitoring of public areas for security purposes will be conducted in a manner consistent with all existing policies adopted by the school, including the provisions set down in equality and other educational and related legislation

This policy prohibits monitoring based on the characteristics and classifications contained in equality and other related legislation e.g. race, gender, sexual orientation, national origin, disability, etc.

Video monitoring of public areas for security purposes within school premises is limited to uses that do not violate the individual's reasonable expectation to privacy

Information obtained in violation of this policy may not be used in a disciplinary proceeding against an employee of the school or a student attending one of its schools/centres

All CCTV systems and associated equipment will be required to be compliant with this policy following its adoption by the *BOM of Scoil na bhForbacha.* Recognisable images captured by CCTV systems are personal data. They are therefore subject to the provisions of the Data Protection Acts 1988 to 2018.

## JUSTIFICATION FOR USE OF CCTV

Data Protection legislation requires that data is "adequate, relevant and not excessive" for the purpose for which it is collected. This means that the *BOM of* Scoil na bhForbacha needs to be able to justify the obtaining and use of personal data by means of a CCTV system. The use of CCTV to control the perimeter of the school buildings for security purposes has been deemed to be justified by the BoM. The system is intended to capture images of intruders or of individuals damaging property or removing goods without authorization.

**CCTV systems will not be used to monitor normal teacher/student classroom activity in school**

In other areas of the school where CCTV has been installed, e.g. hallways, stairwells, locker areas, the Principal has demonstrated that there is a proven risk to security and/or health & safety and that the installation of CCTV is proportionate in addressing such issues that have arisen prior to the installation of the system

## LOCATION OF CAMERAS

The location of cameras is a key consideration. Use of CCTV to monitor areas where individuals would have a reasonable expectation of privacy would be difficult to justify. The BOM of *Scoil na bhForbacha* has endeavoured to select locations for the installation of CCTCV cameras which are least intrusive to protect the privacy of individuals. Cameras placed so as to record external areas are positioned in such a way as to prevent or minimise recording of passers-by or of another person's private property

CCTV Video Monitoring and Recording of Public Areas in Scoil na bhForbacha may include the following:

*Protection of school buildings and property:* The building's perimeter, entrances and exits, lobbies and corridors, special storage areas, cashier locations, receiving areas for goods/services

*Monitoring of Access Control Systems:* Monitor and record restricted access areas at entrances to buildings and other areas

*Verification of Security Alarms:* Intrusion alarms, exit door controls, external alarms

*Video Patrol of Public Areas:* Parking areas, Main entrance/exit gates, Traffic Control

*Criminal Investigations (carried out by An Garda Síochána):* Robbery, burglary and theft surveillance

***COVERT SURVEILLANCE***
Scoil na bhForbacha will not engage in covert surveillance

Where An Garda Síochána requests to carry out covert surveillance on school premises, such covert surveillance may require the consent of a judge. Accordingly, any such request made by An Garda Síochána will be requested in writing and the school will seek Data Protection Commissioner/legal advice

## NOTIFICATION – SIGNAGE

The Principal will provide a copy of this CCTV Policy on request to staff, students, parents and visitors to the school. This policy describes the purpose and location of CCTV monitoring, a contact number for those wishing to discuss CCTV monitoring and guidelines for its use. The location of CCTV cameras will also be indicated to the BoM and, in the case of ETB schools, also to the CEO.

Adequate signage will also be prominently displayed at the entrance to *Scoil na bhForbacha* property.




Appropriate locations for signage will include:

- at entrances to premises i.e. external doors, school gates
- reception area
- at or close to each internal camera

## STORAGE & RETENTION

Data Protection legislation states that data "shall not be kept for longer than is necessary for" the purposes for which it was obtained. A data controller needs to be able to justify this retention period. For a normal CCTV security system, it would be difficult to justify retention beyond a

month (28 days), except where the images identify an issue – such as a break-in or theft and those particular images/recordings are retained specifically in the context of an investigation/prosecution of that issue

**Accordingly, the images captured by the CCTV system will be retained for a maximum of 28 days, except where the image identifies an issue and is retained specifically in the context of an investigation/prosecution of that issue**

The images/recordings will be stored in a secure environment with a log of access kept. Access will be restricted to authorised personnel. Supervising the access and maintenance of the CCTV System is the responsibility of the BoM. The Principal may delegate the administration of the CCTV System to another staff member. In certain circumstances, the recordings may also be viewed by other individuals in order to achieve the objectives set out above (such individuals may include the Gardaí, the Deputy Principal, other members of the teaching staff, representatives of the Department of Education and Skills, representatives of the HSE and/or the parent of a recorded student). When CCTV recordings are being viewed, access will be limited to authorised individuals on a need-to-know basis.

## ACCESS

Tapes/DVDs**/**portable storage devices will be stored in a secure environment. Access will be restricted to authorised personnel. The area will be locked when not occupied by authorised personnel. A log of access to tapes/images will be maintained.

Access to the CCTV system and stored images will be restricted to authorised personnel only i.e. the Principal of the school .

In relevant circumstances, CCTV footage may be accessed:

1. By An Garda Síochána where *Scoil na bhForbacha* (or its agents) are required by law to make a report regarding the commission of a suspected crime; or
2. Following a request by An Garda Síochána when a crime or suspected crime has taken place and/or when it is suspected that illegal/anti-social behaviour is taking place on Scoil na bhForbacha property, or
3. By the HSE and/or by any other statutory body charged with child safeguarding; or
4. To assist the Principal in establishing facts in cases of unacceptable student behaviour, in which case the parents/guardians will be informed; or
5. To data subjects (or their legal representatives), pursuant to an access request where the time, date and location of the recordings is furnished to *Scoil na bhForbacha,* or
6. To individuals (or their legal representatives) subject to a court order
7. To the school's insurance company where the insurance company requires same in order to pursue a claim for damage done to the insured property

***Requests by An Garda Síochána:*** Information obtained through video monitoring will only be released when authorised by the Principal following consultation with the Chairperson of the BoM. If An Garda Síochána request CCTV images for a specific investigation, An Garda Síochána may require a warrant and accordingly any such request made by An Garda Síochána should be made in writing and the school should immediately seek legal advice.

***Access requests:*** On written request, any person whose image has been recorded has a right to be given a copy of the information recorded which relates to them, provided always that such an image/recording exists i.e. has not been deleted and provided also that an exemption/prohibition does not apply to the release. Where the image/recording identifies another individual, those images may only be released where they can be redacted/anonymised so that the other person is not identified or identifiable. To exercise their right of access, a data subject must make an application in writing to the school Principal. The school must respond **within 1 month.**

Access requests can be made to the following: An Príomhoide, Scoil na bhForbacha, Na Forbacha, Co.na Gaillimhe.

A person should provide all the necessary information to assist *Scoil na bhForbacha* in locating the CCTV recorded data, such as the date, time and location of the recording. If the image is of such poor quality as not to clearly identify an individual, that image may not be considered to be personal data and may not be handed over by the school

In giving a person a copy of their data, the school may provide a still/series of still pictures, a tape or a disk with relevant images. However, other images of other individuals will be obscured before the data is released

## RESPONSIBILITIES

The Principal will:

1. Ensure that the use of CCTV systems is implemented in accordance with the policy set down by the *BOM of Scoil na bhForbacha.*

2. Oversee and co-ordinate the use of CCTV monitoring for safety and security purposes within *Scoil na bhForbacha.*
3. Ensure that all existing CCTV monitoring systems will be evaluated for compliance with this policy

4. Ensure that the CCTV monitoring at *Scoil na bhForbacha* is consistent with the highest standards and protections

5. Review camera locations and be responsible for the release of any information or recorded CCTV materials stored in compliance with this policy

6. Maintain a record of access (e.g. an access log) to or the release of tapes or any material recorded or stored in the system

7. Ensure that monitoring recorded tapes are not duplicated for release

8. Ensure that the perimeter of view from fixed location cameras conforms to this policy both internally and externally

9. Approve the location of temporary cameras to be used during special events that have particular security requirements and ensure their withdrawal following such events. *NOTE: [Temporary cameras do not include mobile video equipment or hidden surveillance cameras used for authorised criminal investigations by An Garda Síochána]*

10. Give consideration to both students' and staff feedback and/or complaints regarding possible invasion of privacy or confidentiality due to the location of a particular CCTV camera or associated equipment

11. Ensure that all areas being monitored are not in breach of an enhanced expectation of the privacy of individuals within the school and be mindful that no such infringement is likely to take place

12. Co-operate with the Health & Safety Officer of *Scoil na bhForbacha* in reporting on the CCTV system in operation in the school

13. Ensure that external cameras are non-intrusive in terms of their positions and views of neighbouring residential housing and comply with the principle of "Reasonable Expectation of Privacy"

14. Ensure that monitoring tapes/DVDs/digital recordings are stored in a secure place with access by authorised personnel only

15. Ensure that images recorded on tapes/DVDs/digital recordings are stored for a period not longer than 28 days and are then erased unless required as part of a criminal investigation or court proceedings (criminal or civil) or other bona fide use as approved by the BoM

16. Ensure that when a zoom facility on a camera is being used, there is a second person present with the operator of the camera to guarantee that there is no unwarranted invasion of privacy

17. Ensure that camera control is solely to monitor suspicious behaviour, criminal damage etc. and not to monitor individual characteristics

18. Ensure that camera control is not infringing an individual's reasonable expectation of privacy in public areas

19. Ensure that where An Garda Síochána request to set up mobile video equipment for criminal investigations, Data Protection Commissioner/legal advice has been obtained and such activities have the approval of the Chairperson of the Board

## IMPLEMENTATION & REVIEW

This policy will be reviewed and evaluated from time to time. On-going review and evaluation will take cognisance of changing information or guidelines (e.g. from the Data Protection Commissioner, An Garda Síochána, Department of Education and Skills, Audit units (internal and external to the school), national management bodies, legislation and feedback from parents/guardians, students, staff and others.

The date from which the policy will apply is the date of adoption by the BoM. Implementation of the policy will be monitored by the Principal of the school.